Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Matamaitic

## Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Leathanach Bán

*Clár Ábhar* *Leathanach*


Réitigh agus scéim mharcála ........................................................................................................ 2

Struchtúr na scéime marcála ........................................................................................ 3

Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm .................. 4

Réitigh samplacha agus nótaí mionsonraithe marcála ...................................................... 5

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge ........................................................................ 17

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018

# Matamaitic

## Bonnleibhéal

## Réitigh agus Scéim mharcála

300 marc

## Scéim Mharcála - Roinn A agus Roinn B

### Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagraí a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí in dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí i dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| Lipéad an scála | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| Scála 5 mharc | 0, 5 | 0, 2, 5 | 0, 2, 3, 5 | | |
| Scála 10 marc | 0, 10 | 0, 5, 10 | 0, 3, 7, 10 | 0, 2, 5, 8, 10 | |
| Scála 15 mharc | 0, 15 | 0, 7, 15 | 0, 5, 10, 15 | 0, 4, 7, 9, 15 | |
| Scála 20 marc | 0, 20 | 0, 10, 20 | 0, 7, 13, 20 | 0, 5, 11, 16, 20 | |
| Scála 25 marc | 0, 25 | 0, 12, 25 | 0, 8, 17, 25 | 0, 6, 12, 19, 25 | 0, 5, 10, 15, 20, 25 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos mionsonraithe le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léirthuiscint i gcomhthéacs gach ceiste.

**Scálaí marcála – tuairiscíní leibhéil**

**A-scálaí (dhá chatagóir)**

- freagra mícheart
- freagra ceart

**B-scálaí (trí chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra ceart i bpáirt
- freagra ceart

**C-scálaí (ceithre chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

**D-scálaí (cúig chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

**E-scálaí (sé chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- beagnach an leathchuid den fhreagra ceart
- níos mó ná an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

**Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm**

***Roinn A***

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| (a) | 5B |
| (b) | 10C |
| (c) | 5B |
| (d) | 5C |

**Ceist 2**

| | |
|---|---|
| (a) (i)+(ii) + (iii) | 15D |
| (b) | 10D |

**Ceist 3**

| | |
|---|---|
| (a)(i) + (ii)+(iii) | 15D |
| (b)(i) + (ii) | 10C |

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| (a)(i) + (ii) | 15D |
| (b) | 10C |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| (a) + (b) + (c) | 20D |
| (d) | 5A |

**Ceist 6**

| | |
|---|---|
| (a)(i) + (ii) | 15D |
| (b) | 10C |

**Ceist 7**

| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b)(i) + (ii) | 5C |
| (c)(i) + (ii) | 10D |

**Ceist 8**

| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b)(i) + (ii) + (iii) | 15D |

***Roinn B***

**Ceist 9**

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 10C |
| (a)(ii) + (iii) + (iv) | 20D |
| (a)(v) | 5B |
| (b)(i) + (ii) + (iii) | 15D |

**Ceist 10**

| | |
|---|---|
| (a)(i) + (ii) + (iii) | 20D |
| (b)(i) | 5B |
| (b)(ii) + (iii) | 15D |
| (b)(iv) | 5B |
| (b)(v) | 5B |

**Tabhair faoi deara**: Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

**Tabhair faoi deara:** I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar slánú mícheart, ina bhfágtar aonaid ar lár nó ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine.

Ná déantar pionós slánaithe agus aonad ach uair amháin i ngach cuid (a), (b), (c) etc.

Ar fud na scéime, léirigh earráidí uimhríochta le *.

| **Réitigh samplacha agus nótaí mionsonraithe marcála** | | |
|---|---|---|
| **C1** | **Réitigh Shamplacha 25 marc** | **Nótaí Marcála** |
| **(a)** | **15** | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Aon obair ábhartha<br>• Léiriú ar chomhaireamh |
| **(b)** | {2+2(3)+4+3(15)+3(6)+7+2(8)+10+12}/15<br>= 90/15<br>= **6** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Úsáidtear an freagra ar **(a)**<br>• Léiriú ar shuimiú (2+6…)<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Suimiú ábhartha ar aois iomlán<br>• Meánroinnt ábhartha |
| **(c)** | 12 – 2= **10** | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• 12 nó 2 scríofa |
| **(d)** | $\frac{5 \times 100}{15} = 33\frac{1}{3}\%$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 5 nó 15 nó freagra ar (**a**)<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Céatadán foirmlithe i gceart<br>• Ríomhtar céatadán de na páistí atá 7 mbliana d'aois |

| C2 | Réitigh Shamplacha     25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br><br>**(ii)**<br><br><br><br>**(iii)** | $3 \times 8 = \mathbf{24}\ \text{cm}^2$<br><br>X = **24** cm<br>Y = **14** cm<br>Achar = $24 \times 14 = \mathbf{336}\ \text{cm}^2$<br><br>$336 - 8(24) = \mathbf{144}\ \text{cm}^2$<br><br>Nó<br><br>$18 \times 8 = 144$ | **Scála 15D (0, 4, 7, 9, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i dá chuid<br>• Cuid amháin atá ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid atá ceart |
| **(b)** | $\pi r^2 h = \pi(5)^2(15)$<br><br>$= 1178{\cdot}09\ \text{cm}^3$<br><br>Freagra: Sea. 1178 > 1000 | **Scála 10D (0, 2, 5, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha<br>• Foirmle cheart<br>• Tugtar freagra ceart (Beidh) gan obair thacaíochta<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Foirmle thoirte ionadaithe go hiomlán<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Ríomhtar an toirt ach ní thugtar aon chonclúid nó tugtar conclúid mhícheart |

| C3 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **A** **(i)** | (see table below) | |
| **(ii)** | $\frac{3}{9}$ nó $\frac{1}{3}$ | **Scála 15D (0, 4, 7, 9, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i dá chuid<br>• Cuid amháin atá ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid atá ceart |
| **(iii)** | $\frac{2}{9}$ | |
| **(b)** **(i)** | 3× 2 ×3 = **18** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann ábharthacht sa dá chuid |
| **(ii)** | 1× 2× 3 **= 6** | |

| | | **An Chéad Rothlóir** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Dubh** | **Liath** | **Bán** |
| **An Dara Rothlóir** | **Dubh** | **Dubh, Dubh** | Liath, Dubh | **Bán, Dubh** |
| | **Liath** | **Dubh. Liath** | **Liath, Liath** | **Bán, Liath** |
| | **Bán** | **Dubh, Bán** | **Liath, Bán** | **Bán, Bán** |

| C4 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a)<br>(i) | $F = P(1+i)^t$<br><br>$= 10000(1 + 0{\cdot}0325)^3$<br><br>**= €11007·03**<br><br>Nó<br>$10000 \times 3{\cdot}25\% = 325$<br>$10325 \times 3{\cdot}25\% = 335{\cdot}56(25)$<br>$10660{\cdot}56 \times 3{\cdot}25\% = 346{\cdot}47$<br>**= €11007·03** | **Scála 15D (0, 4, 7, 9, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuid amháin atá ceart |
| (ii) | $\frac{10000 \times 110}{100}$<br><br>= €11000<br><br>**Fiachra.**<br>Difríocht: 11007·03 – 11000 **= €7·03** | |
| (b) | $\frac{150 \times 1}{0{\cdot}916} = 163{\cdot}755$<br><br>**= €163·76** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $150 \times 0{\cdot}916$<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $\frac{150}{0{\cdot}916}$ |


| C5 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a)<br><br><br>(b)<br><br><br><br><br><br><br>(c) | **Siopa A:** 200 + 12(25) = **€500**<br><br>**Siopa B:**<br>$\frac{600 \times 20}{100} = 120$<br>600-120 = **€480**<br><br>**Siopa C:** 24(22) = **€528** | **Scála 20D (0, 5, 11, 16, 20)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i dá chuid<br>• Cuid amháin atá ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid atá ceart |
| (d) | Siopa B | **Scála 5A (0, 5)**<br>• Freagra a thagann le hobair an iarrthóra roimhe seo |

| C6 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) (i) + (ii) | see table below | |


| Treoir | An Chéad Uimhir | An Dara hUimhir | An Tríú hUimhir |
|---|---|---|---|
| Uimhir thosaigh | 10 | 11 | 12 |
| Iolraigh faoi 3 | 10 × 3 | **11 × 3** | **12 × 3** |
| Suimigh 12 le do fhreagra | 30 + 12 | **33 + 12** | **36 + 12** |
| Toradh | 42 | **45** | **48** |

| | | |
|---|---|---|
| (ii) | 60 – 12 = 48<br>48 ÷ 3 = **16** | **Scála 15D (0, 4, 7, 9, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuid amháin atá ceart |
| (b) | 4-chosach / 3-chosach<br>4 (1 stól) / 3 (1 stól)<br>**8** (2 stól) / 6 (2 stól)<br>12 (3 stól) / **9** (3 stól)<br>16 (4 stól) / 12 (4 stól)<br><br>8 + 9 = 17<br>Tá **2** stól 4-chosacha ann | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon liostú ceart e.g. 4, 8, 12 nó 3, 6, 9<br>• Aon Triail + Feabhsú ábhartha e.g. 4+3,<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• 8 **agus** 9 sainaitheanta |

| C7 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | 0·7 73% $\frac{3}{4}$ $\frac{4}{5}$. | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon choinbhéartú ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Gach iontráil i bhformáid aon uimhir amháin |
| (b)<br>(i)<br><br>(ii) | $1{\cdot}343 \times 10^9$<br><br>**Míle trí chéad agus daichead is a trí milliún**<br><br>Nó<br><br>**Billiún trí chéad agus daichead is a trí milliún** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 1·343<br>• $10^9$<br>• Míle trí chéad agus daichead is a trí<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuid amháin atá ceart<br>• Obair lena ngabhann ábharthacht sa dá chuid |
| (c)<br><br>(i)<br><br>(ii) | 1 + 5 = 6<br><br>$\frac{60\times1}{6} = 10$ dhuine fásta<br><br>Anois 10 + 8 = 18 nduine fásta agus 50 páiste<br><br>Cóimheas: 18 : 50 **nó** 9 : 25 | **Scála 10D (0, 2, 5, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br>• $\frac{60}{x}$, $x \neq 6$ nó 1<br>• 68<br>• 1 + 5<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Obair lena ngabhann ábharthacht sa dá chuid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuid amháin atá ceart |

| C8 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a)<br><br>(a) |  | |
| | | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon chiorcal tarraingthe<br>• Líne 3 cm ón teach tarraingthe<br>• Cuid den achar ábhartha taispeánta<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Líne ar bith agus ciorcal ceart tarraingthe (ga = 4, lár T)<br>• Líne cheart **agus** aon lár ciorcail T **agus** réigiún léirithe |
| (b)<br>(i)<br><br>(ii)<br><br>(iii) | $20 \times 20 = 400 \text{ cm}^2$<br><br>$\pi r^2 = \pi(10)^2 = 314 \text{ cm}^2$<br><br>$\frac{314 \times 100}{400} = 78{\cdot}5\%$ | **Scála 15D (0, 4, 7, 9, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i dá chuid<br>• Cuid amháin atá ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid atá ceart |


<table>
<tr><th>C9</th><th>Réitigh Shamplacha 50 marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)<br><br>(i)</td><td>




</td><td>Scála 10C (0, 3, 7, 10)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>• Aon obair ábhartha<br>• A nó B breactha i gceart<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>• A agus B breactha i gceart ach gan aon triantán tarraingthe</td></tr>
<tr><td>(a)<br>(ii)<br><br><br><br><br>(iii)<br><br>(iv)</td><td>$|PR|$ = 6<br>$|AC|$ = 3<br><br>$k$ = 6 ÷ 3 = 2<br><br><br>$|QR| = \sqrt{6^2 + 8^2}$ = 10<br><br>10 ÷ 2 = 5</td><td>Scála 20D (0, 5, 11, 16, 20)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>Páirtchreidiúint mheánach:<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i dá chuid<br>• Cuid amháin atá ceart<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Dhá chuid atá ceart</td></tr>
<tr><td>(v)</td><td>$6 \times (2)^2$ = 24 aonad$^2$<br><br>Nó<br><br>$\frac{1}{2} \times 6 \times 8$ = 24 aonad$^2$</td><td>Scála 5B (0, 2, 5)<br>Páirtchreidiúint:<br>• Úsáid k<br><br>Creidiúint iomlán:<br>• Freagra ceart gan obair</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(b)**<br>**(i)** | $\dfrac{\boxed{251} + \boxed{39}}{\boxed{10}} = \dfrac{\boxed{290}}{\boxed{10}} = \boxed{29}$<br><br>**Níl** 251·32 roinnte ar 10·3 nó a leithéid | **Scála 15D (0, 4, 7, 9, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i dá chuid<br>• Cuid amháin atá ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid atá ceart |
| **(ii)** | Leis an áireamhán $251{\cdot}32 + \frac{39{\cdot}14}{10{\cdot}3}$<br><br>Ba cheart lúibíní a úsáid ar an gcéad dá uimhir<br><br>Ba cheart enter / $=$ ar an áireamhán a úsáid tar éis an chéad dá cheann | |
| **(iii)** | **28·2** | |

| C10 | Réitigh Shamplacha 50 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a)<br>(i)<br><br>(ii)<br><br>(iii) | $80 \times \frac{1}{2}$ = **40 km**<br><br>$\frac{117}{1{\cdot}5}$ = **78 km/u**<br><br>Fad iomlán: 40 + 117 = 157<br>Am iomlán : ½ + 1½ = 2 uair<br><br>Meánluas: $\frac{157}{2}$ = **78·5 km/h** | **Scála 20D (0, 5, 11, 16, 20)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht i dá chuid<br>• Cuid amháin atá ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chuid atá ceart |
| (b)<br>(i) | **€700** | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Aon obair ábhartha ar an ngraf<br>• $3 \times 100$<br>• 400 |

<table>
<tr>
<td>(b)<br>(ii)<br><br><br><br><br><br>(iii)</td>
<td>
<table>
<tr><th colspan="2">Tábla 2</th></tr>
<tr><th>Líon na gcarranna a díoladh in aghaidh na seachtaine</th><th>Pá seachtainiúil (€)</th></tr>
<tr><td>0</td><td>600</td></tr>
<tr><td>1</td><td>650</td></tr>
<tr><td>2</td><td>700</td></tr>
<tr><td>3</td><td>750</td></tr>
<tr><td>4</td><td>800</td></tr>
<tr><td>5</td><td>850</td></tr>
<tr><td>6</td><td>900</td></tr>
</table>


Líon na gcarranna a díoladh sa tseachtain
</td>
<td>Scála 15D (0, 4, 7, 9, 15)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>• Iontráil cheart amháin<br>• Breacadh ceart amháin<br><br>Páirtchreidiúint mheánach:<br>• Tábla ceart ach gan aon bhreacthaí<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>• 5 bhreacadh chearta ón tábla ceart<br>• Gach breacadh ceart ón tábla mícheart</td>
</tr>
<tr>
<td>(b)<br>(iv)</td>
<td>(4, 800)<br>Gheobhaidh sé pá seachtainiúil €800 ar an dá chonradh má dhíolann sé 4 charr in aghaidh na seachtaine</td>
<td>Scála 5B (0, 2, 5)<br>Páirtchreidiúint:<br>• Comhordanáidí cearta ach gan aon mhíniú nó míniú neamhiomlán</td>
</tr>
<tr>
<td>(b)<br>(v)</td>
<td>Conradh A: Gheobhadh sé €900/seachtain ar chonradh A ach €850/seachtain ar chonradh B</td>
<td>Scála 5B (0, 2, 5)<br>Páirtchreidiúint:<br>• Freagra ceart gan mhíniú</td>
</tr>
</table>

**Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge**

Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don pháipéar. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

Déantar an cinneadh agus an ríomhaireacht faoin marc bónais i gcás gach páipéir ar leithligh.

Is é 5% an gnáthráta agus is é 300 iomlán na marcanna don pháipéar. Mar sin, bain úsáid as an ngnáthráta 5% i gcás iarrthóirí a ghnóthaíonn 225 marc nó níos lú,
e.g. 198 marc $\times$ 5% = 9·9 $\Rightarrow$ bónas = 9 marc.

Má ghnóthaíonn an t-iarrthóir níos mó ná 225 marc, ríomhtar an bónas de réir na foirmle [300 – bunmharc] $\times$ 15%, agus an marc bónais sin a shlánú **síos**. In ionad an ríomhaireacht sin a dhéanamh, is féidir úsáid a bhaint as an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 – 233 | 10 |
| 234 – 240 | 9 |
| 241 – 246 | 8 |
| 247 – 253 | 7 |
| 254 – 260 | 6 |
| 261 – 266 | 5 |
| 267 – 273 | 4 |
| 274 – 280 | 3 |
| 281 – 286 | 2 |
| 287 – 293 | 1 |
| 294 – 300 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán